Regional Community Resilience Group

# RÉIDH DON AIMSIR

**Nuachtlitir an Ghrúpa Réigiúnaigh um Sheasmhacht an Phobail (RCRG) – Ullmhú na mBall don tSíon**

**FÁILTE**

**Fáilte chuig eagrán an tsamhraidh den nuachtlitir, Getting Weather Ready, ina dtugtar neart leideanna agus comhairle ar chéimeanna simplí a thig linn uilig a ghlacadh le muid féin a ullmhú don aimsir sna míonna romhainn. #Weather Ready**

## Tá SDTTÉ i mBun Chosaint na Tuaithe: Falscaithe a Chosc an Samhradh Seo

**Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (SDTTÉ) ag iarraidh go mbeidh achan duine ag cuidiú leo falscaithe a chosc an samhradh seo fríd threoir shimplí a leanúint agus sinn amuigh fán tuath.**



Spéartha lán toite os cionn na mBeanna Boirche, agus na comhraiceoirí dóiteáin ag obair leo san iargúil le falscaí a smachtú.

Tá an samhradh linn, agus nuair a bhíonn cuid mhaith againn ag baint sult as an tsaol amuigh faoin spéir, bíonn SDTTÉ ag láimhseáil chontúirtí na bhfalscaithe.

Cheana féin i mbliana, chuaigh foirne SDTTÉ i ngleic le neart falscaithe móra dúshlánacha – ceann acu i mí Aibreáin, a fógraíodh ina mhórtheagmhas. Le linn thréimhse 10 lá i mí Aibreáin, chuaigh SDTTÉ amach chuig 390 falscaithe, rud a chuir brú ollmhór ar na comhraiceoirí dóiteáin agus ar acmhainní.

Ghní na falscaithe dochar do-athraithe don chomhshaol agus don dúlra, agus bíonn siad fiú ina mbagairt do thithe agus beatha an duine.

Bíonn gníomh an duine taobh thiar de thromlach na bhfalscaithe i dTuaisceart Éireann. Fágann sin go bhfuil siad inchoiscthe.

### An Rud a Thig Leat a Dhéanamh le Cuidiú

Tig le achan duine againn ár gcion a dhéanamh leis an tuath a chosaint an samhradh seo. Seo roinnt gníomhartha,



D'fhreagair comhraiceoirí dóiteáin d'fhalscaí faoi dhálaí dúshlánacha, rud a léiríonn éirim, diongbháilteacht, agus comhoibriú.

atá simplí ach ríthábhachtach, a thig leat féin a dhéanamh:

- Ná las tine choíche amuigh fán tuath
- Ná bíodh an fulacht agat ach amháin in áit atá sainithe dó sin agus ná fág choíche é gan duine á fhaire
- Múch toitíní mar is ceart agus ná caith iad choíche ar an talamh nó amach an fhuinneog an ghluaisteáin.
- Ná fág buidéil, gloine nó bruscar i do dhiaidh

**Leanann ar an leathanach seo chugainn**



# Clár

**Samhraidh 2025**

leathanach

1 Tá SDTTÉ i mBun Chosaint na Tuaithe
3 Scéim Deontais um Chosaint ar Thuilte d'Úinéirí Tí
4 Stoirm Bert – Freagairt na Croise Deirge
4 Chéad Chuairt Ceiliúráin go TÉ don Chrois Dhearg
5 Ceardlann Seasmhachta Pobail Thuathcheantar
6 Ag coigilt fá choinne lá gréine
8 D'oscail SDTTÉ Coláiste Foghlama agus Forbartha
9 Seasmhacht a dhaingniú don Ghrúpa Réigiúnach i leith an Leanúnachais Gnó nua
10 Foireann TÉ um Theagmhasacht Shibhialta san Oifig Meitéareolaíochta
10 Foilsíodh an tuairisc leis an Chros Dhearg
12 Nuacht Sheimineár, Cúrsaí Scoir agus Cúrsaí Foirne
13 Uimhreacha i gCás Práinne

**Ar leanúint ón leathanach roimhe seo**

## Bí ar an Airdeall, Bí Freagrach

Má bhíonn tú amuigh faoin spéir an samhradh seo, ag baint sult as radhairc áille na tuaithe s'againn, bí ar an airdeall fá chomharthaí tine. Má tchí tú falscaí:

- Gabh go háit atá slán
- Cuir scairt ar 999 agus iarr an tSeirbhís Dóiteáin & Tarrthála
- Ná féach le dul i ngleic leis an tine thú féin

Tá SDTTÉ tiomanta do chosaint na timpeallachta agus do shábháilteacht an phobail. Ach ní thig leo é a dhéanamh leo féin. Fríd a bheith airdeallach fá dhóiteáin, agus a bheith ag spreagadh daoine eile leis an rud chéanna a dhéanamh, cuidíonn tú go mór le ceantar tuaithe Thuaisceart Éireann a chosaint do na glúnta atá le teacht.

Oibrímis le chéile an samhradh seo le stop a chur le falscaithe sula dtosaíonn siad.

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: www.nifrs.org.



Comhraiceoirí dóiteáin ag freagairt ar fhalscaí, ag obair go dian leis na lasracha a chur faoi smacht agus an ceantar máguaird a chosaint.

# Léirigh Storim Éowyn gá atá leis an pleanáil theagmhasach.

**Ba tharlú aimsire thar a bheith cumhachtach agús stairiúil é Storim Éowyn – an storim is gairbhe i dTuaisceart Éireann ó bhí Stoirm Lá Fhéile Stiofáin 1998 ann. Ar an 24 Eanáir, chuir sí as go mór don réigiúin ar fad. Bhí luais na gaoithe suas le 80-100 míle san uair.**

Mar gheall ar cé chomh crua is a bhí an stoirm, chuir an Oifig Meitéareolaíochta comhairle ar fáil go luath, agus d'eisigh sí an chéad rabhadh dearg aimsire a bhí ann riamh i dTuaisceart Éireann, rud a chuir cónaitheoirí ar an airdeall fá na coinníollacha as cuimse a bhí tuartha. Ina theannta sin, cuireadh teachtaireacht rabhaidh chuig thart fá **4.5 milliún guthán póca** ar fud Thuaisceart Éireann agus chuig áiteanna in Albain—rud éigin nach ndearnadh riamh, agus rud a bhí dírithe ar shábháilteacht an phobail a chinntiú.

Bhí an-tionchar aige seo: fuair an Roinn Bonneagair (RB) níos mó ná 3,000 teachtaireacht ina ndeirtear gur raibh crainn tite agus go raibh smionagar ag blocáil na mbóithre. Bhí freagra ollmhór ilghníomhaireachta de dhíth le bealaí a ghlanadh, rochtain ar bhonneagar ríthábhachtach a athbhunú, seirbhísí bunriachtanacha a choinneáil agus sábháilteacht an phobail a chinntiú.

In ainneoin cé chomh crua is a bhí an eachtra, sheas comhlíonadh dhualgais





NIE Networks ag obair leo go crua leis an chumhacht a athchóiriú i ndiaidh Stoirm Éowyn





NIE Networks amach mar eiseamláir den tseasmhacht agus den cheannasaíocht nuair a d'fhreagair siad. Nuair a bhí an stoirm faoi lán seoil, chaill 285,000 áitreabh leictreachas. Cé nach raibh NIE Networks ábalta foirne deisiúcháin a thabhairt le chéile le linn an rabhaidh dheirg, mar gheall ar imní sábháilteachta, thug siad cumhacht ar ais do 75% de na háitribh a raibh tionchar na stoirme orthu taobh istigh de 48 uair an chloig. Glacadh deich lá le cumhacht a thabhairt ar ais go hiomlán, rud a chuir béim ar a dhonacht a bhí an dúshlán. Bhí ról lárnach ag NIE Networks sna hiarrachtaí i bhfreagairtí éige andála agus thug siad roinnt bearta nuálacha isteach:

- **Tacaíocht d'Ionad Rialaithe Tráchta –** Chuir NIE Networks baill foirne isteach san ionad, rud a neartaigh an comhordú leis an Roinn Bonneagair.
- **Ionaid Chuidithe do Phobail –** d'fhreastail baill foirne ar 68 ionad, rud a chiallaíonn gur cuireadh eolas ríthábhachtach ar fáil do chónaitheoirí agus chuir Comhairlí deochanna teo ar fáil, chomh maith le háiseanna cithfholcadáin.
- **Láimhseáil Leathnaithe Scairteanna –** Osclaíodh ionad scairteanna eile le déileáil le **164,000 scairt agus 96,000 teachtaireacht** dhigiteacha ón phobal.
- **Léarscáiliú Comhtháite don Tacaíocht Ríthábhachtach –** Ina gcuid oibre i gcomhar le soláthraithe uisce, bhí NIE Networks ar thús cadhnaíochta maidir le léarscáil a chruthú a chuireann in iúl na ceantair ina raibh na trí sheirbhís riachtanacha caillte. Chuidigh sin le soláthraithe cúraim le daoine leochaileacha a aimsiú agus cuidiú leo ar bhealach níos éifeachtaí.

Mar gheall ar an stoirm agus an méid ama a glacadh le achan rud a thabhairt ar ais, tarraingíodh aird ar an spleáchas atá ag an tsochaí ar leictreachas chomh maith leis an ghá le pleananna teagmhasacha a bheith ag daoine, teaghlaigh agus eagraíochtaí. Ós rud é go bhfuil tarluithe adhaimsire ag éirí níos coitianta, tá sé dosheachanta go mbeidh gearrthacha leictreachais ann, go ndruidfear bóithre agus go mbeidh dúshláin chumarsáide ann. Is meabhrú cumhachtach é Stoirm Éowyn go bhfuil ullmhúchán láidir, cumarsáid shoiléir, agus freagairtí dírithe ar an phobal le seasmhacht riachtanach ionas go dtiocfaidh muid uilig slán as na stoirmeacha san am atá le teacht.




**Líne ama ón Oifig Meitéareolaíochta ar Stoirm Eowyn**
**Cliceáil anseo leis an ghrafaic lánmhéide a fheiceáil**

# Scéim Deontais um Chosaint ar Thuilte d'Úinéirí Tí

**Is scéim rialtais í an Scéim Deontais um Cosaint ar Thuilte d'Úinéirí Tí (Tuaisceart Éireann). Cuidíonn sí le húinéirí tí athruithe a dhéanamh le huisce tuile a choinneáil amuigh.**

Bunaíodh an scéim seo in 2016, tá sí faoi riar ag Roinn Bonneagair, agus tá sí dírithe go háirithe ar thithe cónaithe amháin a bhí faoi thuile roimhe agus atá go fóill i mbaol mar gheall ar thuile rialta.

I ndiaidh an tuile Thoir Theas i bhfomhar na bliana 2023, rinneadh athbhreithniú ar an scéim maidir leis na critéir cháilitheachta agus an próiseas iarratais, agus dá bharr



Clúdaigh Aerbhrící

sin, rinneadh leasú ar na critéir cháilitheachta sa dóigh a leanas:

Áitribh fána bhfuil na húinéirí ábalta fianaise infhíoraithe a chur ar fáil, a chruthaíonn go raibh an siad faoi uisce uair amháin nó níos mó le 25 bliain anuas.

Seo laghdú ar an chéad chritéir faoina raibh sé riachtanach fianaise go raibh dhá tharlú tuile ann, nó níos mó, taobh istigh de 25 bliain. Cuireadh athruithe eile i bhfeidhm le cuidiú leis an phróiseas measúnachta d'iarratasóirí a chuíchóiriú. Bíodh sin mar atá, ceanglaítear ar iarratasóirí a léiriú gurb iadsan úinéirí an áitribh.

Cuireadh athbhreithniú eile i gcrích ar an tairseach do chistiú ó dheontais. Nuair a thosaigh an scéim in 2016, chlúdaigh an cistiú ó dheontais 90% de na costais, suas le £10,000 de na costais iomlána don tsuirbhé agus don tsuiteáil, agus bhí ar úinéir an tí costas breise 10% a íoc chomh maith le costais ar bith eile a bhí thar an tairseach seo de £10,000. I ndiaidh an athbhreithnithe is deireanaí seo, méadóidh tairseach an deontais ó £10,000 go £13,700, le méaduithe boilscitheacha a chur san áireamh. Tiocfaidh seo i bhfeidhm d'iarratais a gheofar i ndiaidh 1 Mí Aibreáin 2025.



Postaí sliotáin na bacainne mar aon le clúdaigh

Go nuige seo, cuireadh bearta in 165 teach, bearta a cuireadh ar fáil faoi bhun na scéime. Táthar ag súil leis go mbainfidh úinéirí tí, atá ag iarraidh seasmhacht a n-áitribh a fheabhsú, leas as an chistiú breise agus as an chritéir cáilitheachta feabhsaithe.

Tá na sonraí ar fad faoin scéim agus an dóigh le hiarratas a chur isteach fána coinne ar fáil ag: : **https://www.infrastructure-ni.gov.uk/articles/homeowner-flood-protection-grant-scheme**

# Downpatrick Flood Study foilsithe

**Baineadh úsáid as ionsamhlú ríomhairithe ar chásanna tuilte a d'fhéadfadh a bheith i nDún Pádraig le fáil amach an bealach is fearr leis an riosca go dtarlódh na nithe céanna agus a thit amach i bhfomhar na bliana 2023 a laghdú**

Sa staidéar chuimsitheach a rinneadh ar an tuile i nDún Pádraig, scrúdaíodh réimse de chásanna agus réitigh a d'fhéadfaí a úsáid: an rogha is fearr ná sprioc-chaighdeán fá choinne cosaint in aghaidh tuilte a chur ar fáil do 106 áitreabh.

Anois, déanfar tuilleadh oibre le cás gnó a chur le chéile fá choinne scéim maolaithe tuilte a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear measúnacht mhionsonraithe lena fháil amach an mbeadh an rogha tosaíochta seo inmharthana ar bhonn eacnamaíoch.

Tá an staidéar ar fáil anseo **Downpatrick Feasibility Report (May 2025)**

Tuilte móra i nDún Phádraig Deireadh Fómhair 2023



# Stoirm Bert – Freagairt na Croise Deirge i nDún Dónaill

**Tharla tuilte crua go tobann i dtithe i nDún Dónaill. Mar gheall ar uisceleibhéil a bhí ag ardú go gasta, bhí ar roinnt cónaitheoirí dul suas staighre le sábháilteacht a fháil.**

D'oibrigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (SDTTÉ) gan staonadh, ach rinneadh an t-uafás damáiste ar shráid amháin, agus a scriosadh bunurláir go huile is go hiomlán.

I measc na ndaoine a ndeachthas i bhfeidhm orthu, bhí Hannah, a páirtí agus a mac atá naoi mí d'aois. Nuair a tharla an tuile, bhí an teaghlach ag glanadh amach an tí, agus bhí a sealúchas uilig thios staire go sealadach. Go tragóideach, cailleadh achan rud - éadaí, rudaí riachtanacha do bhabhaithe agus fiú an crann Nollag, atá anois i scipe bruscair. Cé gur sheas na cairde agus daoine muinteartha s'acu leo, ag tabhairt éadaí agus pram nua don bhabaí, bhí géarghá le tacaíocht ag an teaghlach.

D'fhreagair an Chros Dhearg go gasta. D'fhreastail siad faoi dhó ar lá an tuile le cuidiú praiticiúil agus cuidiú mothúchánach a thabhairt. Chuir oibrithe deonacha iad ar a suaimhneas, cuidigh siad le riachtanais phráinneacha a mheasúnú, agus thacaigh siad le pearsanra éigeandála a bhí ar an láthair. Tháinig baill foirne de chuid na Croise Deirge ar ais sna laethanta ina dhiaidh sin nuair a tháinig scipeanna bruscair a chuir an chomhairle ar fáil, agus thosaigh na cónaitheoirí ag glanadh amach a dtithe, rud a bhí ina chrá croí dóibh.

In aimsir shiocctha, chuir oibrithe deonacha de chuid na Croise Deirge spás te sábháilte ar fáil taobh istigh dá bhfeithicilí. Chuir siad ar fáil deochanna teo ar agus le bomaite sóláis do na cónaitheoirí a bhí ag tabhairt faoi thasc an-dúshlánach le cibé rudaí a shábháil agus a thiocfadh leo. Ba mhór an drochthionchar a bhí aige seo ó thaobh na mothúchán de, ach ba mhór an difear a rinneadh toisc go raibh tacaíocht chomhbhách ann.

Is fada an turas a bheidh ann do mhórán daoine le teacht ar ais, ach a bhuí le seasmhacht an phobail agus le tacaíocht éigeandála, ní bheidh duine ina aonar agus é ag dul i ngleic le rudaí.





Tuilte le linn Storim Bert.

# An Chéad Chuairt Ceiliúráin go TÉ don Chrois Dhearg

**Is mór an onóir don Chros Dhearg an réalta Hollywood Joely Richardson a óstáil i mBéal Feirste, áit ar bhuail sí le Foireann Freagartha na Croise Deirge.**

Le linn na cuairte s'aici, tarraingíodh aird ar obair ríthábhachtach an charthanais le tacaíocht a thabhairt do phobail ar bhuail tarlú adhaimsire orthu, Storim Bert agus Storim Darragh ina measc, a d'fhág níos mó ná 45,000 tithe leictreachas ar fud Thuaisceart Éireann.





**Buaileann Joely Richardson le baill foirne agus cónaitheoirí le linn na cuairte le déanaí.**

Mar chuid den turas s'aici, thug Joely cuairt ar cheantair ar bhuail tuile orthu le gairid agus labhair sí go díreach le cónaitheoirí a bhí buailte ag na tuile. Chonaic sí an dóigh ar thug baill foirne agus oibrithe deonacha de chuid na Croise Deirge tacaíocht ríthábhachtach fríd sheiceálacha leasa a dhéanamh ó dhoras go doras agus fríd ionaid phráinfhreagartha i nDomhnach Daoi, ar an Ómaigh agus ar an Bhaile Meánach.

Bhí an lá lán le comhráite fiúntacha, agus chaith Joely am le baill foirne agus le hoibrithe deonacha, a roinn a gcuid scéalta léi fá dheochanna teo, pluideanna agus áiseanna luchtaithe a chur ar fáil do chónaitheoirí a bhí buailte ag an tuile nuair a bhí siad ag obair i gcomhar le NIE Networks.

Sa tráthnóna, glac sí páirt i gcomhráite fiúntacha le ranna rialtais agus le freagróirí reachtúla fá na dúshláin atá ann sa domhan seo atá ag athrú, agus an ról lárnach atá ag an Chros Dhearg i bhfreagairt géarchéime ilghníomhaireachta.

I rith na cuairte bhí atmaisféar suaimhneach ann mar gheall ar an bhealach dheas le Joely. Bhí neart gáire, tae agus brioscaí ann. Mar gheall ar an fhíorspéis atá ag Joley sa Chrois Dhearg, chomh maith leis an bhaint atá aici léi, tá sí breá ábalta labhairt fá obair na Croise Deirge ar fud an tírdhreacha ilghníomhaireachta, rud a tharraing aird ar thiomantas na n-oibrithe deonacha agus na mball foirne ina dtacaíocht do phobail leochaileacha ar fud Thuaisceart Éireann.

# Ceardlann Seasmhachta Pobail Thuathcheantar Thír Eoghain

**Reáchtáladh Ceardlann Seasmhachta don Phobal le gairid do bhaill de na Grúpaí Seasmhachta Pobail Thuathcheantar Thír Eoghain, le heolas agus treoir a chur ar fáil do phobail áitiúla fán dóigh le freagairt ar chásanna éigeandála agus fán dóigh le cur le seasmhacht an phobail.**

D'fhreastail réimse leathan comhpáirtithe ilghníomhaireachta ar an cheardlann a reáchtáladh i ndiaidh Stoirm Éowyn agus an tionchar a bhí aici ar an phobal áitiúil, go háirithe na fadhbanna a bhí acu maidir le teipeanna teileachumarsáide i gceantar na Speiríní. Dearadh an cheardlann le treoir a chur ar fáil do na Grúpaí Seasmhachta Pobal (GSPanna), ar ullmhacht, freagairt agus ar téarnamh i gcomhthéacs seasmhachta an phobail.

Thug na comhpháirtithe ilghníomhaíochta a bhí i láthair ag an imeacht achoimre ghairid ar róil agus freagrachtaí na ngníomhaíochtaí reachtúla, agus ar na bearta maolaithe a chuirtear i bhfeidhm i ndiaidh rabhadh aimsire. Tá sé mar aidhm aige seo cuidiú le rannpháirtithe smaoineamh ar cad é atá le déanamh acu ar bhonn an duine aonair, ar bhonn teaghlaigh agus ar bhonn an phobail, le hullmhú d'éifeachtaí adhaimsire, déileáil leo agus teacht ar ais uathu.

I measc na ndaoine a thug caint ag an cheardlann, bhí Damien Gavin, Bainisteoir Seasmhachta NEPG, a thug achoimre ar struchtúir de chuid Teagmhasacht Shibhialta an Rialtais Áitiúil agus Seamus McCann ó Aibhneacha Roinne Bonneagair agus atá ina Chomhchaitheoirleach sa GSPTT. Thug seisean achoimre ar ról eagraíochtúil na Roinne Bonneagair i bhfreagairt ar thuilte. D'fhreastail Eddie McChrystal agus Philip Hosey ó Raynet ar an cheardlann fosta, a thug achoimre dóibh siúd a bhí i láthair maidir lena gcuid oibre, agus a chuir in iúl dóibh go bhfuil tacaíocht ar fáil do phobail tuaithe arbh fhéidir í a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar chliseadh ar an teileachumarsáid nó briseadh éigeandála a bhaineann leis.

I measc rannpháirtithe eile bhí Neil Bratton, ó DfI Roads, Anthony McGirr ó NI Water agus Louise Johnston, ón Chros Dhearg. Thug Louise léi an fheithicil ón Chros Dhearg a bhí amuigh ar fud an cheantair i ndiaidh Stoirm Éowyn ag tabhairt tacaíochta dóibh siúd a bhí scartha amach mar gheall ar an stoirm.

Thug Ciara Toner, Oifigeach Tionscadail do Chomhpháirtíocht na Speiríní, uasdátú gairid. - Is ceanntionscadal traschomhairle é Tionscadal Comhpháirtíochta na Speiríní a bhfuil sé mar aidhm aige oidhreacht nadúrtha, thógtha agus chultúrtha na Speiríní a bhainistiú fríd na pleannanna gníomhaíochta Future Search Action Plans atá aitheanta- https://sperrinspartnershipproject.com/

Dúirt Anne Gallagher, Oifigeach Seasmhachta ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, go raibh an cheardlann an-dearfach fiúntach d'achan duine a bhí páirteach agus ghabh sí buíochas le achan duine a ghlac páirt.






**D'fhreastail cónaitheoirí ar an Cheardlann Seasmhachta don Phobal**

# Sheol EnergyCloud NI an Chéad Tionscadal leis an Northern Ireland Housing Executive

**Sheol EnergyCloud NI an Chéad Tionscadal i dTuaisceart Éireann, ag úsáid fuinneamh in-athnuaite le dul i ngleic le bochtaineacht bhreosla.**

I gcomhar le Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann, cuirfidh an tionscnamh uisce te saor in aisce ar fáil do suas le 20 teaghlach ar an Ómaigh.

Bhí na tithe bainteacha feistithe le gléasanna cliste atá cumasaithe le EnergyCloud, a úsáideann fuinneamh inathnuaite le humair tumtha a théamh. Murach sin, bheadh an fuinneamh sin curtha amú. In 2024 amháin, laghdaíodh 915 GWh d'fuinneamh gaoithe ar fud Thuaisceart Éireann—go leor fuinnimh le thart fá 305 milliún umar d'uisce a théamh. Fríd an fhuinneamh seo a atreorú, is féidir cuidiú le teaghlaigh atá ag streachailt mar gheall ar chostais bhreosla le méideanna fiúntacha airgid a shábháil.

Tacaíonn SONI, NIE Networks, Budget Energy, Click Energy, agus SSE Airtricity leis an tionscadal phíolótach seo.

Dúirt Jamie Delargy, Caithoirleach EnergyCloud NI: "Is bunriachtanas sóisialta é an rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, inbhuanaithe. Ag an am chéanna, cuireann muid méideanna móra fuinnimh in-athnuaite amú mar gheall ar chiorrú. Is féidir tionchar ollmhór marthanach a bheith ann má atreoraítear an fuinneamh seo chuig teaghlaigh atá i mbochtaineacht bhreosla. Tá muid buíoch dár gcomhpháirtithe fuinnimh as na hathruithe seo."




Sa phictiúr ag seoladh comhpháirtíocht EnergyCloud NI agus NIHE, tá: (LR) Emma Stubbs, Stiúrthóir Cúnta Sustainable Homes, Robert Clements, Ceannasaí Forbairt Inbhuanaithe, Jamie Delargy, Catheoirleach EnergyCloud NI agus Angus Kerr, Stiúrthóir Athrú Aeráide ag An Roinn Pobal

Dúirt Robert Clements, Ceannasaí Fhorbairt Inbhuanaithe ag an Fheidhmeannacht Tithíochta: "Is áthas orainn dul i gcomhar le EnergyCloud NI ar thionscadal a laghdaíonn costais fuinnimh dár dtionóntaí, agus anuas air sin, tionscadal a thacaíonn lenár spriocanna inbhuanaitheachta."

D'fhreastail ionadaithe ó National Energy Action NI, ó RenewableNI, agus ó sholáthraithe leictreachais ar an imeacht seolta.

Dúirt Lesley Robinson, Stiúrthóir Oibríochtaí ag Budget Energy agus Flogas Ireland: "Cuidítear linn dul i ngleic le bochainneacht bhreosla agus todhchaí inbhuanaithe a thógáil fríd leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite."

Dúirt Andy Porter, Stiúrthóir Bainistíochta ag Click Energy: "Is ábhar bróid dúinn tacú leis an tionscnamh nuálach seo a mbaineann daoine i mbochtaineacht bhreosla leas as."

Mar fhocal scoir, dúirt Delargy: "Ní ach tús an scéil é seo. Tá sé beartaithe againn ár n-iarrachtaí a leathnú lena chinntiú go mbaineann níos mó teaghlach arís leas as fuinneamh in-athnuaite breise."

# Ag coigilt fá choinne lá gréine sa bhaile agus ar an fheirm

**Agus an samhradh ag druidim linn, tá NI Water ag díriú airde ar an teachtaireacht seo: gurb é seo an t-am le smaoineamh ar an dóigh a n-úsáideann muid ár n-uisce le linn na míonna den aimsir níos teo.**

Cuideoidh sé seo uisce a chaomhnú do na hamanna ina mbíonn sé de dhíth orainn agus cuideoidh sé linn an méid a chaithfidh muid a íoc ar bhillí fuinnimh dár dtithe a laghdú. Buntáiste amach is amach!

Is féidir le custaiméirí feidhm a bhaint as an iniúchadh uisce ar líne NI Water www.getwaterfit.com le fáil amach cá mhéad uisce a úsáideann siad ina dtithe chomh maith le bealaí nua a fhoghlaim le hairgead a shábháil. Is ábhar iontais é cá mhéad duine againn a dhéanann meastachán faoina luach maidir leis an méid uisce a úsáideann muid inár dtithe ar bhonn laethúil.

Mhínigh Anna Killen, Oifigeach Oideachais NI Water: "Tá an t-ádh linn a bheith inár gcónaí i dtír ina bhfuil cuid mhór uisce, ach de thairbhe na haeráide atá ag athrú agus daonra atá ag fás, seans nach é sin mar a bheidh i gcónaí.

"Tá aithne againn ar an fhrása fá 'rud a chur ar leataobh do lá na coise tinne' ach is gá dúinn smaoineamh ar rudaí a chur ar leataobh do 'lá gréine' agus nósanna a chruthú a chuideoidh linn airgead a shábháil i rith na bliana ar fad. Rudaí simplí amhail an sconna a chasadh as nuair a scuabann tú do chuid fiacla tú, babhla a úsáid le glasraí a ní, meaisín níocháin a líonadh i gcónaí, agus crúiscín uisce a choinneáil sa chuisneoir: is féidir leis na rudaí seo uilig difear a dhéanamh. Sconnaí atá ag sileadh a réiteach, canna spréite a úsáid seachas píobán: Cuidíonn siad seo fosta.

"Tá dúshláin spárála uisce ar fáil ag an iniúchadh uisce ar líne NI Water ag www.getwaterfit.co.uk agus tá smaointe eile ar fáil amhail amadóirí cithfholcadáin 4 bhomaite, amadóir do ghlanadh fiacla agus málaí swell gel don ghairdín."



Is féidir leis a bheith ina bheart spárála uisce crúiscín uisce a choinneáil sa chuisneoir toisc nach gá an sconna a chur a ghabháil le huisce óil fuar a fháil.

**Leanann ar an leathanach seo chugainn**

### Ar leanúint ón leathanach roimhe seo

Ba mhaith le NI Water cur i gcuimhne d'fheirmeoirí a méadair uisce a sheiceáil sula gcuireann siad soláthair uisce ar siúl arís don tsamhradh toisc más féidir sceitheadh uisce a aimsiú, is féidir billí arda uisce a sheachaint, go háirithe agus an aimsir ag éirí níos teo sna míonna samhraidh atá le teacht.

Dúirt Ciaran Diamond, bainisteoir ceantair líonraí uisce NI Water: "Tá muid ag iarraidh ar fheirmeoirí a méadair a sheiceáil go rialta, is é sin an bealach is fusa dóibh sceitheadh a fheiceáil, má tá ceann acu. Nuair a bhíonn feirmeoirí ag íoc as a uisce, is airgead in aisce dóibh achan sceitheadh. Fríd sheiceáil a dhéanamh ar na méadair, na sconnaí taobh amuigh, an talamh agus na trachanna, is féidir sceitheadh ar bith a dheisiú go gasta agus ansin, bille mór a sheachaint"

Má aimsíonn feirmeoirí sceitheadh, ba chóir dóibh an soláthar a scaradh, más féidir, agus teagmháil a dhéanamh le pluiméir WaterSafe fá choinne cuidithe www.watersafe.org.uk.



**Ba chóir d'fheirmeoirí a méadair a sheiceáil go rialta, is é sin an bealach is fusa dóibh sceitheadh a fheiceáil, má tá ceann acu.**

# An Feachtas Sábháilteachta Look Up Look Out

## Tá NIE Networks ag iarraidh ar dhaoine amharc suas agus aire a thabhairt ina fheachtas sábháilteachta Look Up Look Out.

Tá sé an-tábhachtach a cuimhneamh go mbíonn tú i gcónaí cóngarach do trealamh de chineál éigin atá ar an líonra, bíodh sé gur línte cumhachta lastuas, cáblaí faoi thalamh nó suiteálacha tí / tráchtála iad.

Maidir le gníomhaíocht ar bith amhail ithir bhreie a charnadh nó rud ar bith a ardaíonn leibhéal an talamh, íslíonn siad an t-achar idir an talamh agus na línte cumhachta lastuas. Laghdaítear an t-achar idir tú féin agus na línte fosta má thugtar innealra níos mó isteach, rud a mhéadaíonn an riosca go mbeadh timpistí ann.

Mar shampla, má tá tú ag gearradh crann nuair atá tú ar an talamh s'agat féin, is é an chomhairle a thugtar ná fanacht cúig mhéadar ar a laghad ar shiúl ó línte cumhachta lastuas, cuaillí, nó trealamh eile leictreachais. Bíodh sin mar atá, má tá amhras ort fá shábháilteacht na hoibre, is féidir le NIE Networks cranneolaí a chur amach saor in aisce le glanspásanna sábháilteachta don líne lastuas a sheiceáil agus a chothabháil.

Faraor, mar a thuigeann daoine go rímhaith, bíonn tionchar uafásach ag timpistí ar theaghlaigh agus ar phobail. Tá sé riachtanach achan rud a dhéanamh agus is féidir le gortaithe agus básanna a sheachaint. Is tábhachtach an teachtaireacht Look Up, Look Out .i. "amharc suas, amharc amach". Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbíonn gnólachtaí eolach ar threoirlínte an FSSTÉ.

Uaireanta ní bheidh sé soiléir cad é an cur chuige is fearr agus sna cásanna sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear scairt ar NIE Networks. Tá comhairle phraiticiúil, léarscálacha na líonraí agus seirbhísí eile ar fáil saor in aisce ó bhaill foirne an ionaid teagmhála.

- Na déan a dhath má tá amhras ar bith ort fán dóigh le hobair a dhéanamh timpeall ar líonra leictreachais.
- Fan cúig mhéadar ar a laghad ar shiúl ó líne chumhachta lastuas.
- Ná gabh i dtreo trealaimh leictreachais atá damáistithe.
- Cuir scairt ar 03457 643 643, thiocfadh dó go sábhálfar beatha duine. Tá Aonad Teagmhála NIE Networks oscailte 24 uair in aghaidh an lae, 7 lá sa tseachtain.
- Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: www.nienetworks.co.uk/safety / https://www.hseni.gov.uk/

**Má bhíonn tú ag obair le hinnealra mór, fan cúig mhéadar ar a laghad ar shiúl ó línte cumhachta lastuas, cuaillí, nó trealamh eile leictreachais.**



# Ré Úr Oiliúna á hAdhaint: D'oscail SDTTÉ Coláiste Foghlama agus Forbartha ar fiú £50 milliún é

**Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann i ndiaidh an Coláiste Foghlama agus Forbartha a oscailt. Coláiste ceannródaíoch a bheas ann ar fiú £50 milliún é. Beidh athrú ó bhonn ar an oiliúint do chomhraiceoirí dóiteáin san áit seo atá díreach taobh amuigh den Chorr Chríochach.**

Osclaíodh an coláiste go foirmiúil é i mí na Bealtaine 2025. Leis an Tionscadal Suaitheanta seo don Rialtas ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, rinneadh infheistiú is mó i stair SDTTÉ. Is í seo an chéad áis dá cineál sa réigiún.

## Mol Fáis agus Nuálaíochta

Tá níos mó ná brící agus moirtéal i gceist. Is mol é a tógadh ar bhealach sainiúil ionas go mbeadh an fhoghlaim agus an réadúlacht ann le chéile, áit ar féidir le comhraiceoirí dóiteáin oiliúint a fháil i sainspásanna ionsámlaithe a léiríonn cásanna éigeandála a tharlaíonn sa tsaol mar atá.

Sa choláiste, tá áis tarrthála do thuile, seomra oiliúna, sráidbhaile 'glaoch amach', scioból agus umar sciodair, bonneagair mótarbhealaigh, áis do chomhrac teaicticiúil dóiteáin, foirgneamh do thacaíocht oiliúna agus foirgneamh acadúil. Tá achan chearn den champas deartha le comhraiceoirí dóiteáin a ullmhú do dhúshláin na n-éigeandálaí an lae inniu i dtimpeallachtaí sábháilte, rialaithe agus inár féidir rudaí a dhéanamh arís is arís eile.

Leis an tsaoráid seo, cuirtear tús le turas ina rachfar i bhfeidhm ar an dóigh a n-ullmhaíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann a ndaoine, a bhforbraíonn iad, agus a dtacaíonn leo le go gcoinneoidh siad an pobal slán sábháilte.




**Thuas: Coláiste Foghlama & Forbartha nua Sheirbhís Dóiteáin Tarrthála Thuaisceart Éireann**

**Thíos: An Bonneagar Oiliúna**





## Ag dul i bhfeidhm ar Thodhchaí an Chomhraic Dóiteáin

Is níos mó ná ionad oiliúna é an coláiste nua. Is infheistiú é i dtreo thodhchaí an chomhraic dóiteáin i dTuaisceart Éireann. Áit is é ina n-ullmhaítear earcaigh le go rachaidh siad i ngleic le rioscaí an lae inniu go muiníneach sciliúil seasmhach.

I mí Feabhra 2025, chuir an coláiste fáilte roimh an chéad ghrúpa de Chomhraiceoirí Dóiteáin faoi oiliúint fá choinne cúrsa oiliúna 18 seachtain. Do na daoine seo faoi oiliúint, turas tumthach a bhí ann - lán d'eispéiris úra a rachaidh i bhfeidhm ar a slite beatha agus i ndeireadh na dála, ar shábháilteacht achan duine i dTuaisceart Éireann.

De réir mar a théann an samhradh ar aghaidh, is amhlaidh a théann ré nua don oiliúint do SDTÉ ar aghaidh fosta, ina bhfuil áit croílárnach ag nuálaíocht, comhoibriú agus tiomantas le phobal níos sábháilte agus níos láidre a thógáil d'achan duine i dTuaisceart Éireann.

# Seasmhacht á Dhaingniú don Ghrúpa Réigiúnach i leith an Leanúnachais Gnó nua

**Cuireadh Foghrúpa Réigiúnach Bainistíochta i leith Leanúnachas Gnó ar bun le pleanáil chomhoibrithe agus seasmhachta a neartú i ngníomhartha comhpháirtíochta i dTuaisceart Éireann.**

Leis an chéim réamhghníomhach seo, tá dul chun chinn á dhéanamh i dtreo comhoibriú a fheabhsú in aghaidh rioscaí atá ag fás agus ag forbairt.

Tugann an grúpa le chéile ionadaithe ó eagraíochtaí a bhfuil baint acu in ullmhacht éigeandála, ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn foréigiúnach, le dea-chleachtas a roinnt, uirlisí a fhorbairt, agus le comhsheasmhacht i bpleanáil leanúnachas gnó a chinntiú. Fríd eolas a chur le chéile agus fhoghlaim ó theagmhais agus cleachtaí san fhíorshaol, is é an aidhm atá ag an fhoghrúpa ná socruithe Leanúnachas Gnó a thógáil lena cinntiú go leanann seirbhísí ríthábhachtacha ar aghaidh le linn bristeacha.

Is é seo a dúirt comhchathaoirleach an ghrúpa, Anthony McCloskey ó Causeway Coast and Glens Borough Council fá bhunú an ghrúpa: “Tá níos mó i gceist le leanúnachas gnó éifeachtach ná an phleanáil amháin—baineann sé le caidrimh dhílse a thógáil, lena bheith ag foghlaim óna chéile, agus lena bheith réidh le freagairt i dteannta a chéile. Cruthaíonn an foghrúpa nua seo ardán dó sin go díreach.”

I measc bhuntáistí an ghrúpa, tá forbairt teimpléid chomhroinnte, taisclann de threoraíocht agus léargais reatha, béim ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus uasdátuithe reachtaíochta. Cuireann an grúpa spás ar fáil fosta le riachtanais oiliúna a shainaithint agus comhsheasmhacht a chur chun cinn maidir leis an dóigh a dtugann eagraíochtaí ar fud an réigiún aghaidh ar leanúnachas agus ar sheasmhacht.

Fríd obair a dhéanamh lena chéile, is féidir le gníomhaíochtaí comhpháirtíochta freagairt níos aontaithe agus níos éifeachtaí a chinntiú, fríd thacaíocht a thabhairt do phobail agus seirbhísí ríthábhachtacha a chosaint nuair is mó an gá atá leis sin.




An Foghrúpa Réigiúnach Bainistíochta i leith Leanúnachas nua

# Foireann TÉ um Theagmhasacht Shibhialta san Oifig Meitéareolaíochta

**Tá sé 20 bliain ó bunaíodh an fhoireann de Chomhairleoirí um Theagmhasacht Shibhialta (CTSanna) san Oifig Meitéareolaíochta, foireann atá ag tacú an phobal seasmhachta agus leis na seirbhísí éigeandála i dTuaisceart Éireann le fiche bliain anuas.**

Tá an fhoireann i dTuaisceart Éireann mar chuid den fhoireann Teagmhasachta Sibhialta níos leithne a oibríonn ar fud Sasana, na hAlban agus na Breataine Bige, agus atá i gcomhar le chéile ar thús cadhnaíochta ag cuidiú le freagróirí éigeandála ar fud na RA rioscaí a mheasúnú. Ní hamháin ó adhaimsir a thagann na rioscaí seo, ach ó ghuaiseacha eile amhail tinte móra, scaoilteáin cheimiceáin, chomh maith le guaiseacha bitheolaíochta amhail galar crúibe agus béil.

I measc na n-imeachtaí níos suntasaí inar ghlac foireann CTSanna páirt, thug sí comhairle do fhreagróirí éigeandála roimh Stoirm Éowyn, lena linn, agus ina diaidh, nuair a d'eisigh an Oifig Meitéareolaíochta an chéad rabhadh dearg riamh do Thuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, thug an fhoireann comhairle do fhreagróirí ar an tionchar a bhíonn ag an aimsir ar fhalscaithe le linn na dtréimhsí tirime i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine.

Le 20 bliain anuas forbraíodh tuiscint dhomhain na foirne ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann i dTuaisceart Éireann mar gheall ar aimsir chrua, go háirithe Comhairleoir de chuid na hOifige Meitéareolaíochta, John Wylie, atá cuid den fhoireann ón tús in 2005. Bhí comhairleoirí éagsúla ag obair le John i gcaitheamh na mblianta agus in 2024, tháinig na meitéareolaithe Ian Hutchinson agus Bonnie Diamond ón Oifig Meitéareolaíochta nuair a ghlac iar-Chomhairleoir, Eileen Stamp, post leis an fhoireann Teagmhasachta Sibhialta ag Ceanncheathrú na Oifige Meitéareolaíochta in Exeter.



Comhairleoirí Teagmhasachta Sibhialta ó Oifig Meitéareolaíochta Thuaisceart Éireann




**Amlíne a léiríonn 20 bliain de chomhairle Teagmhasachta Sibhialta ón Oifig Meitéareolaíochta**
**Cliceáil anseo leis an ghrafaic lánmhéide a fheiceáil**

# Foilsíodh an tuairisc leis an Chros Dhearg, "Leochaileacht agus Seasmhacht"

**Tá "Vulnerability and Resilience", eisithe ag Cros Dhearg na Breataine. Seo tuarascáil nua ina scrúdaítear braistintí an phobail ar an bhaol tuilte, tionchar na dtuilte, agus an tacaíocht atá ar fáil don ullmhúchán, don oiriúnú agus don fhreagairt.**

Cuireann an taighde seo le "Every Time it Rains", a foilsíodh i mí na Nollag 2022, agus ina gcuirtear béim ar an easpa eolais ar an bhaol tuilte agus ar ullmhacht, go háirithe i gceantair leochaileacha go sóisialta, rud atá ina chúis mhór imní.

Bhí réabadh forleathan mar thoradh ar na stoirmeacha geimhridh in 2023/34—Babet, Ciarán agus Henk san áireamh—rud a leag béim ar an ghá le hath-mheasúnú ar dhearcthaí i leith oiriúnú do thuilte. Ach úsáid a bhaint as fianaise ó níos mó ná 3,300 duine ar fud na Ríochta Aontaithe, pléitear sa tuarascáil oiriúnú sa bhaile, rabhaidh tuilte agus an rochtain ar thacaíocht do thuilte.

## Príomhthorthaí:

- **Méid na dtuilte:** Tharla tuilte d'aon duine amháin in achan seisear agus d'aon duine amháin in achan aon duine dhéag sna 5 bliana anuas.




**Cliceáil anseo chun Tuarascáil Leochaileachta agus Seasmhachta Chrois Dhearg na Breataine a léamh**

- **Tionchar ar phobail leochaileacha:** 20% díobh siúd i gceantair ina bhfuil an díothacht ard—áiteanna a bhfuil clúdach árachais níos ísle—thuairisc siad tuilte.
- **Tionchair ar shláinte agus ar chúrsaí airgeadais:** 40% de dhaoine ar tharla

**Leanann ar an leathanach seo chugainn**

**Ar leanúint ón leathanach roimhe seo**

tuilte dóibh, thuairisc siad fadbhanna meabhairshláinte idir mheasartha agus trom, bhí fadbhanna folláine coirp ag 35% díobh, agus bhí ualach airgeadais de thairbhe costais dheisiúcháin, athlonnaithe agus árachais ar 42%.

- **Árachas:** Tuairim is nach bhfuil árachas ag aon duine amháin in achan ochtar in aghaidh tuilte sa RA ach tá an figiúr do Thuaisceart Éireann i bhfad níos airde. Thuairisc 1 duine in achan 3 nach bhfuil árachas acu.

## Príomh-mholtaí:

1. Ba chóir d'Údaráis áitiúla/comhairlí sonraí leochaileachta i bpleanáil, oiriúnú tuilte, práinnfhreagairt agus téarnamh.
2. Ní mór eolas, comhairle phraiticiúil agus tacaíocht ar thuilte a bheith dírithe ar na daoine sin is mó a bhfuil siad de dhíth orthu.
3. Tá an comhoibriú le heagraíochtaí seirbhíse deonacha agus pobail ríthábhachtach maidir le teacht chomh fada le pobail leochaileacha le hacmhainní ullmhachta agus freagartha do thuilte.
4. Ba chóir tacaíocht mheabhairshláinte a neadú taobh istigh de phleananna freagartha tuilte, lena n-áirítear oiliúint do fhreagróirí céadchabhracha agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí meabhairshláinte.
5. Ba chóir do rialtais tionscnaimh um oideachas sa phobal a leathnú fríd úsáid a bhaint as an British Red Cross toolkit agus acmhainní eile.

Sa tuarascáil seo, cuirtear béim ar an ghéarghá le bearta in aghaidh tuilte, agus an géarghá le córais tacaíochta níos láidre ar fud na RA. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le advocacy@redcross.org.uk



Freagairt éigeandála na Croise Deirge ar thuilte

# Seolann Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (INRBT) Feachtas 'Float to Live' i ndiaidh Tarrthála a bhí ráthúil

**Sheol Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála Feachtas INRBT Float to Live ina n-iarrann siad ar an phobal cuimhneamh ar phíosa comhairle a d'fhéadfadh beatha duine a bheadh ag streachailt san uisce a shábháil.**

Is í an teachtaireacht lárnach a bhfuil Institiúid Ríoga na mBád Tarrthála ag iarraidh ar an phobal cuimhneamh uirthi, a roinnt agus a chleachtadh ná: má tá tú ag streachailt san uisce, bí ar snámh le teacht slán (.i. Float to Live).

Chuir Carl Kennedy, Oifigeach um Shábháilteacht san Uisce agus Údarás Lainseála ag Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála ag Port Rois, béim ar a éifeachtaí is atá an teicníc seo nuair a luaigh sé siar ar tharrtháil a tharla le gairid. Anuraidh, tharrtháil criú saorálaithe ar bhád tarrthála INRBT slatiascaire a chuaigh i sáinn agus é ag iascaireacht ó charraigeacha ag Port na Binne Uaine. Nuair a tháinig an bád tarrthála a fhad leis an taismeach, bhí an cruth Float to Live á dhéanamh aige.

"Tráthnóna Dé hAoine a bhí ann nuair a shéid na glaoirí agus iarradh ar an bhád tarrthála a bhí ar an chladach dul le cuidiú le duine san uisce," a mhínigh Carl. "Tharraing sitheadh láidir an t-iascaire isteach san fharraige agus é i mbun iascaireachta ag na carraigeacha ag Linn na Scadán. Nuair a shroich foireann an bháid tarrthála ar an láthair, bhreathnaigh siad an taismeach ar dhóigh chlasaiceach Foat to Live."




Lean sé leis: "Bhí an fhoireann ar an láthair 17 mbomaite i ndiaidh do na glaoirí séideadh, agus tharrtháil siad an taismeach ón uisce, rug siad ar an bhád tarrthála é agus ansin ghlac siad an duine chuig an chladach agus ansin, d'fhág siad é faoi chúram Otharchairr a bhí ag fanacht ag calafort Phoirt na Binne Uaine. Thug an fhoireann suntas dó: dúirt siad go raibh sé chomh maith le fógra Float to Live. Rinne sé cruth chrosóg mhara agus bhí sé ar snámh go compordach san fharraige bhí beagán corraithe, bhí mórtas farraige ann agus bhí uisce bán ar na cladaigh charraigeacha. Mhothaigh an fhoireann go raibh a fhios ag an duine seo gurbh é an seans a bhí aige ná a bheith suaimhneach, guaim a chur air féin arís, agus a bheith ar snámh le fanacht slán, agus ansin, fanacht ar tharrtháil. "Bhí sé go hiontach don fhoireann an chomhairle tarrthála ón Insitiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála a fheiceáil ag obair."

**Is í an teachtaireacht Float to Live an chomhairle a thugann an cumann carthanachta do dhuine ar bith atá ag streachailt san uisce:**

- **Claon do chloigeann ar cúl, agus do chluasa faoi uisce**
- **Bí ar do shuaimhneas agus déan iarracht anáil a tharraingt**
- **Bog do lámh agus do chosa le cuidiú leat fanacht ar bharr an uisce**
- **Tá sé go breá má théann do cosa faoi uisce, bíonn bealaí éagsúla againn uilig le fanacht ag barr an uisce**
- **I linn snámha, déan cleachtadh ar a bheith ar snámh ar bharr an uisce**

**Má fheiceann tú duine éigin i dtrioblóid, cuir scairt ar 999 agus iarr ar an Gharda Cósta.**

# Nuacht GUED fá Sheimineár, Cúrsaí Scoir agus Cúrsaí Foirne

**Tugann Grúpa Ullmhachta Éigeandála an Deiscirt (GUED) eagraíochtaí tábhachtacha le chéile le hullmhú do, freagra a thabhairt ar, agus téarnamh ó, éigeandálaí, mhórtheagmhais agus bhristeach a d'fhéadfadh a bheith ann sna sé ceantar comhairle a leanas: Comhairle Ard Mhacha, Droichead an Banna agus Craigavon (ADC), Comhairle Ceantair Lár Uladh, Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, Comhairle Lios na gCearrbhach agus an Caisleáin Riabhaigh, Comhairle Búirge na hArda agus an Dúin Thuaidh, agus Comhairle Ceantair an Iúir, an Mhúrn agus an Dúin.**



Tá an rúnaíocht don ghrúpa fríd an Fhoireann Seasmhachta Réigiúnach, bunaithe in ADC.

Reáchtáil GUED seiminéar bliantiúil ar an Mháirt 11 Márta i gColáiste Foghlama agus Forbartha an SDTTÉ ar an Chorr Chríochach. D'fhreastail níos mó ná 100 toscaire agus d'éist siad le cainteoirí ag roinnt a n-eispéiris ag déileáil le mórtheagmhais amhail an tragóid sa Chraoslach. Clúdaíonn sé an dóigh is fearr le tacú leo siúd a bhfuil baint acu lena leithéid de theagmhais a fhreagairt, a bheith i láthair ag fiosrúcháin phoiblí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar a leithéid de theagmhais chomh maith le tacú leis an phobal i ndiaidh eachtraí.

Bhí seimineár díreach ag an am cheart do bheannacht a chur le Ray Hall a bhí ar tí dul ar scor óna phost mar Bhainsiteoir Seasmhachta do cheantar an GUED. D'oibrigh Ray leis an fhoireann ó bunaíodh é agus tá tacaíocht tugtha aige d'obair chomphháirtíochta, tógáil caidreamh agus is iomaí dúshlán dár thug sé meon dearfach. Cronóidh an fhoireann é agus is iomaí eagraíocht ar oibrigh sé leo a aireoidh uathu go mór é. Deis eile a bhí sa tSeimineár le fáilte a chur roimh Charlotte Daly, atá tosaithe ina ról - is í Charlotte an Bainisteoir Seasmhachta nua. Tá Charlotte ag teacht isteach san Fhoireann Seasmhachta Réigiúnach ó Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí. Tá taithí as cuimse aici i bpleanáil éigeandála. Guíonn muid sonas agus rath orthu beirt sna blianta rompu ina róil nua!



Thuas: Charlotte Daly, Bainisteoir Seasmhachta nua do cheantar GUED

Ar chlé: Toscairí ag freastal ar an tseimineár GUED.

Thíos: Cáca "mála gainnimh" á bhronnadh ar Ray Morton. Rinne a chomhghleacaí Sandra Morton an cáca.



# RÉIDH DON AIMSIR

## Nuachtlitir an Ghrúpa Réigiúnaigh um Sheasmhacht an Phobail (RCRG) – Ullmhú na mBall don tSíon

### Is mian le Nuachtlitir an Ghrúpa Seasmhachta Pobail Réigiúnach a chuig ball a choinneáil ar an eolas maidir le bheith réidh don aimsir

Bunaíodh an Grúpa Seasmhachta Pobail Réigiúnach (RCRG) in 2013 le cuidiú le muintir na háite ullmhú don éigeandáil aimsire agus freagairt dóibh.

Tugann an Grúpa Eagraíochtaí Ilghníomhaireachta le chéile i gcomhpháirt ón rialtas, na fóntais agus an earnáil dheonach le hobair ar son na bpobal atá i mbaol ón adhaimsir agus in éineacht leo

Is mian leis an RCRG fóram a chur ar fáil mar éascaíocht don chomhordú, chumarsáid, obair i gcomhpháirt agus tógáil acmhainne maidir le saincheisteanna seasmhachta pobail. Tá an grúpa ag obair faoi láthair le 50 pobal ó gach cearn de Thuaisceart Éireann lena gcur ar an eolas agus iad a réiteach níos fearr agus bearta seasmhachta a fheabhsú acu.

Ar an drochuair, ní bheidh deireadh leis na babhtaí adhaimsire ach leis an dea-chumarsáid, an t-eolas inrochtana iontaofa agus bearta praiticiúla, tig le pobail bearta féinchabhracha a chur i bhfeidhm leis an tionchar a laghdú agus an réadmhaoin a chosaint.

Úsáidfear an nuachtlitir seo le díriú ar fhorbairtí tábhachtacha a chuireann le seasmhacht an phobail, cuirfidh sí deis ar fáil do na pobail a gcuid eispeireas a roinnt le chéile chun leas na gcomharsan agus teagmhálacha freagróirí a roinnt le go mbeidh léitheoirí **Réidh don Aimsir!**

### Eagrais Chomhpháirtíochta:

Department for Infrastructure / An Roinn Bonneagair / Depairtment fur Infrastructure – www.infrastructure-ni.gov.uk

Department for Communities / An Roinn Pobal / Depairtment fur Commonities – www.communities-ni.gov.uk

Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs – www.daera-ni.gov.uk

Civil Contingencies RESILIENCE – Be Ready for Emergencies

Local Government Resilience

Police Service of Northern Ireland

Northern Ireland Fire & Rescue Service

Northern Ireland Electricity Networks

niwater – Delivering what matters

Met Office

ea Education Authority

British Red Cross

Housing Executive

HSC Public Health Agency

The Consumer Council

Ministry of Defence

HM Coastguard

Climate Northern Ireland

## Uimhreacha i gCás Práinne

**Is cuma cé chomh réidh atáimid don drochaimsir, bíonn an baol ann i gcónaí go mbeidh éigeandáil sa bhaile againn. Seo liosta uimhreacha fóin a bheidh úsáideach sa chás go dtarlódh rud éigin gan choinne:**

**Seirbhísí Éigeandála:**
**999 or 112**

**Feidhmeannas Tithíochta:**
**03448 920 901**

**Líonra Leictreachais Thuaisceart Éireann:**
**03457 643643**

**Seirbhísí Práinne Gáis Thuaisceart Éireann:**
**0800 002 001**

**Líne Uisce Thuaisceart Éireann:**
**03457 440088**

**Líne Teagmhais Tuilte:**
**0300 2000 100**

**Tá comhairle agus eolas ar fáil faoi phlé le cásanna práinne ag:**
**www.nidirect.gov.uk/be-ready-for-emergencies**

**Fadhbanna le Bóithre agus Sráideanna:**
**www.nidirect.gov.uk/information-and-services/travel-transport-and-roads/problems-roads-and-streets**


Met Office
Met Éireann
Royal Netherlands Meteorological Institute
Ministry of Infrastructure and Water Management
Storm Éowyn Timeline
19 JAN
WEEK AHEAD
Animated graphic signaling a change to wet and windy conditions.
20 JAN
PRESS RELEASES
First press release issued signalling unsettled conditions for the week ahead especially from Thursday 23 January. Further four press releases issued across the week saw over 360k webpage views.
20 JAN
NATIONAL SEVERE WEATHER WARNING
Yellow warning for strong wind issued for Friday 24 into Saturday 25 January for western Scotland and Northern Ireland.
Wind
20 JAN
PRESENTED FORECAST
Presented forecast highlighted the major change ahead for Friday 24 January, showing possible tracks for the low-pressure system.
21 JAN
STORM ÉOWYN
Storm Éowyn named with further yellow wind warnings issued for Scotland, Northern Ireland, northern England, Wales and the southwest
Storm Éowyn has been named
21 JAN
DEEP DIVE ON YOUTUBE
Looked at Storm Éowyn and the chance of damaging winds.
21-25 JAN
SOCIAL MEDIA
17.02m impressions across all social channels with 30.82k new followers.
6.81m impressions, 5.34k new followers
5.5m impressions, 8.85k new followers
1.12m impressions, 2.45k new followers
1.01m video views, 2.58k new followers
183k impressions
2.4m views, 11.6k new subscribers
21-25 JAN
MEDIA COVERAGE
Met Office mentioned 23,750 times between Tuesday 21 to Saturday 25 January with 30 press briefings on Thursday. Met Office staff quoted 5,933 times.
The Telegraph
The Guardian
INDEPENDENT
21-25 JAN
WEBSITE TRAFFIC
The warnings page saw 2.2m views between the 21-25 January. The website saw 14.7m views across the week from 3m active users.
21-25 JAN
APP USERS
Across our Android and iOS app we saw around 2.3m active users and around 15.8m sessions.
22-25 JAN
GOVERNMENT AND MULTI-AGENCY BRIEFINGS
Civil Contingency Advisors provided 152 UK wide emergency responder briefings. 32 Central and Devolved Government briefings took place.
22 JAN
AMBER WARNING
An amber warning for strong winds issued across Northern Ireland, northwestern Wales, northern England and central and southern Scotland. Yellow warnings for wind, rain and snow were also issued.
Wind
23 JAN
AMBER WARNING
An additional amber warning for wind was issued for northern Scotland.
Wind
23 JAN
RED WARNINGS
Two red warnings for strong wind were issued for Northern Ireland and parts of Scotland for the passage of Storm Éowyn across the UK.
Wind
23 JAN
EMERGENCY ALERTS
Government emergency alerts were sent to all people in the red warning areas of Northern Ireland and Scotland.
24 JAN
WIND GUSTS
A gust of 114mph was recorded at Mace head, Co.Galway, a provisional record for the Republic of Ireland.
A 100mph gust was recorded in Drumalbin, Lanarkshire, the 11th highest max gust recorded in all named storms since 2015.
100
26 JAN
CONTINUED UPDATES
On the latest weather situation to enable Storm Éowyn recovery operations.
© Crown copyright 2025 02696


Met Office
20 years of the Civil Contingencies Advisors
Civil Contingencies Act (2004)
In response to the Civil Contingencies Act (2004) the Met Office created a number of Civil Contingency Advisor posts to provide support to the resilience community.
APRIL 2005
11 DEC 2005
Buncefield Fire
One of the first events for the team to be involved with civil contingencies – the local Civil Contingencies Advisor (CCA) supported the national response by attending COBR meetings and providing interpretation of modelling for the smoke plume from the fire at the Buncefield Oil storage facility.
Floods
CCA's provided forecasts and helped with the response for what turned out to be the UK's wettest summer on record, this led to the formation of the Flood Forecast Centre – a partnership between Met Office & Environment Agency.
SUMMER 2007
APRIL 2010
Eyjafjallajökull volcano
With the Met Office home to one of nine Volcanic Ash Advisory Centres worldwide, the CCA team briefed Governments, attended COBR meetings and several advisors travelled to Iceland to liaise with the Icelandic weather service.
London 2012 Olympics and Paralympics
The CCA team supported resilience planning and preparations around this major sporting event.
JUNE/JULY 2012
AUG/SEPT 2017
Hurricane Irma
The CCA team supported and updated the Foreign & Commonwealth Office, the military and other departments in Whitehall during the response to Hurricane Irma, at the time one of the most powerful hurricanes on record in the open Atlantic region.
Beast from the East
The CCA teams in Northern Ireland, Scotland, England and Wales communicated forecasts and warnings well in advance of the cold weather, which brought widespread snow disruption and blizzards across the UK.
FEB/MARCH 2018
1 AUG 2019
Whaley Bridge Dam/ Toddbrook Reservoir
The CCA team provided weather briefings to government and local resilience groups, after heavy rain caused a large section of the dam's spillway to collapse.
Extreme Heat and Wildfires
This was the first major test of the new Met Office extreme heat weather warning, where CCA's across all nations briefed emergency services and responders on the duration and extent of heat.
19 JULY 2022
JAN 2025
Storm Éowyn
Helping the UK's emergency services, resilience communities and Devolved Governments by providing early warnings for the extremely impactful storm.
© Crown copyright 2025 02737